


# Gníomhaíocht 5

## Turas Lae

### Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



#### Mapaí Dul Chun Cinn

Eolas a Bhailiú  
Tasc a Phleanáil  
Ag Obair le Daoine Eile

#### Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

#### Réimsí Foghlama

##### Bunscoil

An Domhan Thart Orainn  
Forbairt Phearsanta agus  
Comhthuisicint

##### Iar-bhunscoil

Foghlaim don tSaol agus don Obair:  
Forbairt Phearsanta

#### Toradh Foghlama

Beidh na foghlaimeoirí:

- ag obair mar chuid de ghrúpa le tasc a chur i gcrích; agus
- ag aithint cad iad na háiseanna atá de dhíth le gníomhaíocht a chur i gcrích.

#### Áiseanna atá de Dhíth

**Áis 7:** Grianghraif den Zú

Eolas faoin turas

Rudaí a bheidh de dhíth ar na foghlaimeoirí don turas

Bileoga ó áiteanna sa cheantar a mheallann turasóirí

#### Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ranga

Gníomhaíocht do ghrúpaí beaga

### Cur Síos

Socróidh na foghlaimeoirí ar cad á bheidh de dhíth orthu le dul ar thuras scoile. Thiocfadh leat an ghníomhaíocht seo a dhéanamh roimh thuras scoile nó roimh thuras ranga, le go mbeidh comhthéacs réalaíoch ann do na foghlaimeoirí.

#### An Ghníomhaíocht

- Iarr ar na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar áiteanna éagsúla a dtiocfadh leo dul ar thuras scoile.
- Ansin iarr orthu rudaí a bheadh de dhíth orthu ar thuras lae a mholadh.
- Míniú do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag dul ar thuras scoile. Abair leo cá háit go díreach a bheidh siad ag dul; mar shampla, chuig an zú nó chuig páirc.
- Pléigh cuid de na rudaí a bheidh le déanamh nó le feiceáil san áit. Bain úsáid as pictiúir más cuí, agus as cuid de na grianghraif, nó as na grianghraif uilig, in Áis 7.
- Déan grúpaí de na foghlaimeoirí agus iarr orthu liosta a dhéanamh (agus focail nó pictiúir in úsáid acu) de na rudaí a shíleann siad a bheidh de dhíth orthu don turas.
- Bailigh na foghlaimeoirí uilig le chéile arís agus iarr orthu a gcuid smaointe a chur i láthair agus fáthanna a thabhairt más cuí.
- Déan liosta ranga de na rudaí a bheidh le tabhairt ar an turas ag na foghlaimeoirí.

#### Smaointe don Dífreáil

##### An Leibhéal Deacrachta a Ísliú

- Bain úsáid as fíor-éadaí agus as fíor-grianghraif agus iarr ar na foghlaimeoirí éadaí cuí a roghnú do chineálacha éagsúla laethanta saoire, ar nós saoire sciála nó trá.
- Cuir réimse ábhar ar fáil do na foghlaimeoirí a bheadh fóirsteanach agus/nó mífhóirsteanach don turas. Iarr orthu na rudaí a bheadh de dhíth orthu a roghnú.

##### An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Bain úsáid as réimse bileog ó áiteanna sa cheantar a mheallann turasóirí agus iarr ar na foghlaimeoirí a bheith ag obair le chéile le litir a scríobh chuig tuismitheoirí/cúramóirí faoin turas. Ba chóir sonraí a bheith sa litir, mar shampla an áit a mbeidh siad ag dul, na rudaí a bheidh de dhíth orthu, an costas agus na hamanna.
- Déan grúpaí de na foghlaimeoirí agus iarr orthu áit a roghnú ar mhaith leo dul ann ar thuras lae. Míniú dóibh go gcaithfidh siad feachtas a chur le chéile lena smaointe a chur i láthair an ranga. Ba chóir dóibh na rudaí a dhéanfadh na foghlaimeoirí ar an turas, na rudaí a bheadh de dhíth orthu, an costas agus socruithe ar bith eile a mhíniú, agus a rá cad chuige a síleann siad gur cheart don rang an smaoineamh s'acu a roghnú.